2026/2293

15.10.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2293 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Deireadh Fómhair 2026

lena gcláraítear an tásc geografach 'Capocollo di Martina Franca' (TGFC) i gclár an Aontais um thásca geografacha de bhun Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 21(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 50, mír 2, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), an t-iarratas a chuir an Iodáil ar aghaidh ar chlárú an táisc gheografaigh 'Capocollo di Martina Franca', arb iarratas é a fuair an Coimisiún roimh dháta theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1143, rinneadh é a fhoilsiú in Iris *Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([3]).

(2) Ní bhfuair an Coimisiún aon ráiteas freasúra i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143, atá infheidhme maidir leis an iarratas ar chlárú i gcomhréir le hAirteagal 90, mír 2, den Rialachán sin,

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, an tásc geografach 'Capocollo di Martina Franca' a chur isteach i gclár an Aontais um thásca geografacha,

(4) Le litreacha a fuarthas an 19 Feabhra 2024 agus an 5 Márta 2026, chuir údaráis na hIodáile an Coimisiún ar an eolas maidir le *Comalbest s.r.l.* agus *Industria Alimentare Apulia s.r.l.*, a chuir táirge ar an margadh go dleathach ar a raibh an t-ainm díolacháin 'Capocollo di Martina Franca' agus úsáid á baint as an ainm sin go leanúnach ar feadh níos mó ná 5 bliana, nár chomhlíon siad an tsonraíocht táirge, go háirithe ó tharla nár bunaíodh iad sa limistéar geografach a shainítear sa tsonraíocht táirge. Ardaíodh an pointe sin sa nós imeachta freasúra náisiúnta.

(5) Ós rud é go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 20(1) (b) de Rialachán (AE) 2024/1143, coinníollacha is infheidhme maidir leis an iarratas ar chlárú i gcomhréir le hAirteagal 90(2) den Rialachán sin, ba cheart idirthréimhse a dheonú do *Comalbest s.r.l.* agus *Industria Alimentare Apulia s.r.l.* chun gur féidir leo leanúint den ainm 'Capocollo di Martina Franca' a úsáid. I bhfianaise na faisnéise a chuir údaráis na hIodáile ar fáil, ba cheart go mairfeadh an idirthréimhse sin 5 bliana ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar an tásc geografach 'Capocollo di Martina Franca' (TGFC) a chur isteach i gclár an Aontais um thásca geografacha dá dtagraítear in Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2024/1143.

([1]) IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj.
([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 343, 14.12.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1151/oj).
([3]) Foilsiú iarratais ar chlárú ainm de bhun Airteagal 50(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO C, C/2026/3344, 22.6.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/3344/oj).

Airteagal 2

Údaraítear leis seo do na gnóthais *Comalbest s.r.l.* agus *Industria Alimentare Apulia s.r.l.* leanúint den ainm ‘Capocollo di Martina Franca’ a úsáid ar feadh tréimhse 5 bliana ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin,
Thar ceann an Uachtaráin,
Christophe HANSEN
Comhalta den Choimisiún